Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8394/26**

**SAN 234**
**PHARM 65**
**MI 368**
**DELACT 73**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2491 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.4.2026 lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2491 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2491 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2026
C(2026) 2491 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.4.2026**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráid sna leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008. Chun na leaganacha sin a ailíniú leis na leaganacha teanga eile, is gá Rialachán Tarmligthe a ghlacadh lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008.

### 2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceartaítear earráidí aistriúcháin sna leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise den téacs.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.4.2026**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine[1], agus go háirithe Airteagal 23b(2a) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach[2], agus go háirithe Airteagal 16a(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún[3], tá earráid in Airteagal 20(1), a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid dhlíthiúil atá ar shealbhóir an údaraithe margaíochta an nós imeachta um chomhroinnt na hoibre a leagtar síos i míreanna 3 go 9 den Airteagal sin a leanúint. Leis an earráid, déantar brí na forála a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

1 IO L 311, 28.11.2001, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/83/oj.

2 IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj.

3 Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 334, 12.12.2008, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1234/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*